



## Comhairlí Pobail na hÉireann

### Forógra

1. Is é Cuspóir Chomhairle Chomharchumann Chathair na Mart ("an Chomhairle Pobail") ("an Eagraíocht") ("an Ghairmchomhairle") ná Cearta Ceannasacha an Phobail a dhaingniú chun an Pobal a Chosaint, a Bhainistiú agus a Fhorbairt, i gcomhréir le toil agus mian an Phobail, mar Ionadaí Ceannasach don Phobal Dúchasach, agus mar Idirghabhálaithe ar son an Phobail, le haon Chomhlacht Corparáideach a dhéanann toimhdí maidir le Forbairt, Bainistíocht agus Cosaint Tailte agus Bonneagair an Phobail.
  - 1.(a) Oibreoidh Comhairle Chomharchumann Chathair na Mart go gníomhach le heagraíochtaí comhchosúla atá bunaithe go cuí agus a chloíonn le Cód Iompraíochta ábhartha chun cabhrú le taifead a bhunú de thairseach chriticiúil Éilitheoirí Ceannasacha in Éirinn atá ar aon intinn leo chun cabhrú le Cearta Ceannasacha Mhuintir na hÉireann a dhaingniú i measc an phobail.
  - 1.(b). Déanfaidh Comhairle Chomharchumann Chathair na Mart iarracht Cúirteanna Pobail a bhunú do Cheantar Léarscáilithe Chathair na Mart i gcomhréir le hAirteagal XXXVI, 1, 2, 3, 4, 5 & 6 de Bhunreacht Phoblacht na hÉireann.
  - 1(c) Is é Séala Fheidhmeannas Chomhairle Pobail Chathair na Mart ná Séala Iontaobhas Mhuintir na hÉireann, agus a mhalairt, agus déanfar an cinneadh maidir leis an Séala a ghreamú ar aon Doiciméad nó Ionstraim de réir Phrionsabal 4 den Forógra seo.
  - 1(d) Tógfaidh an Eagraíocht, mar Chomhlacht Neamhchorpraithe, céimeanna chun go mbeidh Cuntas Bainc ag an Eagraíocht, chun gnóthaí airgeadais na hEagraíochta a bhainistiú go maith, chun réamhíocaíochtaí riachtanacha a éascú chun go mbainfear Cearta Mhuintir Cheannasach amach maidir leis an bPobal a Chosaint, a Bhainistiú agus a Fhorbairt.
2. Tá ballraíocht na Comhairle Pobail oscailte do na Fir agus na Mná go léir, agus dá Sliocht, a bhfuil gnáthchónaí orthu i Réigiún Chathair na Mart ar feadh 10 mbliana ar a laghad agus a chuireann lena bPobal ábhartha. Gheobhaidh gach Ball Gníomhas Aitheantais & Deimhnithe mar chárta vótála infheicthe agus beidh ceannas ag an gcárta seo in Éirinn.

3. Ní ghearrfar aon chostas don Bhallraíocht Bhliantúil agus déanfar athbhreithniú air seo gach bliain ag CGB na hEagraíochta. Is féidir le baill síntiús a thabhairt don Eagraíocht de réir mar a oireann sé dóibh.

3(a) Beidh gach duine a fheidhmíonn mar Bhall de Chomharchumann Pobail Chathair na Mart i dteideal Ballraíochta saor in aisce de Chomharchumann Seirbhísí Sláinte na hÉireann agus de Chomharchumann Oideachas na hÉireann.

4. Beidh Bord ann don Eagraíocht agus ar an mBord beidh 9-12 ball. Beidh gach Ball den Bhord ag feidhmiú ar bhonn deonach. Beidh Bord Stiúrtha Feidhmiúcháin (“an Feidhmeannas”) ar a mbeidh Cathaoirleach, Leasathaoirleach, Rúnaí agus Cisteoir. Má dhéanann 3 den Fheidhmeannas cinneadh, beidh an cinneadh sin ina cheangal. Is é 9 an córam le haghaidh cruinnithe Boird agus buailfidh an Bord le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad. Ma tharlaíonn sé go dtagann laghdú ar líon na mBall agus nach bhfuil neart air seo, comhallfaidh an Ball/na Baill atá fágtha feidhmeanna iomlána na hEagraíochta go dtí go gcuirfear an Bord i bhfeidhm arís.
5. Is ar an Rúnaí a bheidh an fhreagracht Taifid agus Séala na hEagraíochta a chosaint faoin mionn atá glactha aige/aici, agus gach vóta a chomhghaolú, agus an Bord agus gach ball a chur ar an eolas maidir le toradh gach rúin tráth nach déanaí ná 3 lá i ndiaidh cruinnithe.
6. Is ar an gCisteoir a bheidh an fhreagracht Síntiúis, Eochracha agus Bratacha na hEagraíochta a stóráil, a thairfeadadh agus a chosaint, faoin mionn atá glactha aige/aici, agus na nithe sin a chur ar fáil don Eagraíocht le haghaidh imeachtaí agus dualgais oibríochtúla ginearálta na hEagraíochta.
7. Is i bpáirt le chéile a leagfaidh an Cathaoirleach agus an Leasathaoirleach straitéisí amach don Eagraíocht.
8. Is faoin Oifigeach Caidrimh Phoiblí a bheidh sé, eolas agus fógraí na hEagraíochta a eisiúint don Phobal tar éis é sin a chomhaontú leis an mBord.
9. Cloifidh gach Ball den Bhord leis an bhForógra seo agus le Cód Iompraíochta na hEagraíochta atá ag gabháil leis seo.
10. Is ar an bhFeidhmeannas a bheidh an fhreagracht gach Oifigeach Roinne a cheapadh, iad a choinneáil, a chur ar fionraí nó iad a bhaint, tar éis cead a fháil ó fhormhór an Bhoird. Cuirfear gach ball den Bhord ar aghaidh go huathoibríoch chun iad a atoghadh (más mian leo leanúint ar aghaidh) ag CGB na hEagraíochta.
11. Tá gach Ball den Eagraíocht i dteideal vóta amháin maidir le haon rún a mholtar ag an gCGB nó ag aon chruinniú eile de chuid na hEagraíochta.

12. Glaofaidh an Bord CGB ag cruinniú lánchóir agus glactar leis an rún sin le tromlach vótaí na mBall Boird atá i láthair. Nuair a bheidh an rún sin rite ag Rúnai na hEagraíochta tríd an Oifigeach um Chaidrimh Phoiblí, tabharfaidh sé/sí fógra míosa roimh ré faoin am, an áit agus an dáta don CGB do gach Ball trí Fhógra a phostáil ar Chomhrá Grúpa Telegram/WhatsApp na mBall. Mura féidir le Ball a bheith i láthair, is féidir leis nó léi seachvóta a chaitheamh trí aon Bhall eile atá i láthair ach é seo a dhéanamh i scríbhinn. Is faoin Máthair nó faoin Athair a bheidh sé seachnóta a chaitheamh do Bhall atá faoi bhun 16 bliain d'aois. Ní mór aon rún atá le rith a bheith rite le tromlach vótaí scríofa na mBall atá i láthair.
  
13. Glaofaidh an Bord cruinniú ginearálta urghnách ag cruinniú lánchóir agus rifear rún chuige sin le tromlach vótaí na mBall Boird atá i láthair. Nuair a bheidh sé rite, tabharfaidh Rúnai na hEagraíochta, tríd/leis an Oifigeach Caidrimh Phoiblí, fógra 3 lá roimh ré faoin am, an áit agus an dáta ar a mbeidh an CGU do na Baill uile trí Fhógra a phostáil ar Chomhrá Grúpa Telegram/WhatsApp na mBall. Mura féidir le Ball a bheith i láthair, is féidir leis nó léi seachvóta a chaitheamh trí aon Bhall eile atá i láthair ach é seo a dhéanamh i scríbhinn. Is faoin Máthair nó faoin Athair a bheidh sé seachnóta a chaitheamh do Bhall atá faoi bhun 16 bliain d'aois. Ní mór aon rún atá le rith a bheith rite le tromlach vótaí scríofa na mBall atá i láthair.
  
14. Féadfar cruinnithe eile a reáchtáil, lena n-áirítear trí Ghlaoch Zoom nó trí roinnt de na Baill a bheith ar Ghlaoch Zoom agus roinnt eile a bheith i láthair go pearsanta ag suíomh a chomhaontaíonn an Bord. Ní mór aon rún atá le glacadh, a ghlacadh le vóta ó fhormhór na mBall atá i láthair i scríbhinn. Maidir leo siúd a fhreastalaíonn trí nasc Zoom, féadfaidh na Baill sin a vóta scríofa a scanadh isteach i gComhrá Grúpa Telegram/WhatsApp na mBall. Mura nglacann Ball páirt agus má sheolann sé/sí a vóta "tá" / "níl" i ndáil le haon rún nó réamhíocaíocht atá beartaithe, glactar leis nach bhfuil "aon agóid" ag an mBall agus go bhfuil sé/sí sásta i gcoitinne glacadh leis an rún nó leis an réamhíocaíocht atá beartaithe.
  
15. Is ionann an Forógra seo agus Bunreacht na hEagraíochta, agus féadfar é a leasú nó síneadh a chur leis ó am go ham le vótaí Bhaill na hEagraíochta. I gcás ina moltar aon leasú nó síneadh den sórt sin tríd an mBord, ní mór do Rúnai/OCP na hEagraíochta fógra 21 lá ar a laghad a thabhairt do Bhaill na hEagraíochta faoi gach leasú/aon leasú agus/nó síneadh a mholtar.

Glaetha faoi Shéala ag an bhFeidhmeannas do na Baill;

Ar an Lá seo **28<sup>th</sup>** de **Marra** 2025; (Greg.)

Ar an Lá seo **2<sup>nd</sup>** de **Aibreán** '26; (F.F)

**Seán Ó Fionnain**  
 : John - Charles: Mitten  
 : Ian - Sean M<sup>re</sup> Corcoran  
 : Julia : Mcleaster

↓

